

Ceacht Cré le Ranganna 5 go dtí 6

‘Cloigne’

Gemma Mc Ginn

<u>Snáth Curaclaim:</u>	Cré (Curaclam Amharcealaíona lch. 72)
<u>Cuspóir:</u>	Úsáid cré chun anailís agus léirmhiniú a dhéanamh ar fhoirm trí bhreathnú (lch. 72)
<u>Nasc:</u>	Péint agus Dath > Péinteáil ó bhreathnú (lch. 68) Líniocht > Líniocht ó bhreathnú (lch. 66)
<u>Féidearthachtaí Imeasctha:</u>	
Teanga labhartha: <i>Tabhair aird i gcónai ar thábhacht ghotháí, dreacha, inchloisteachta agus soiléire urlabhra agus tú i mbun cumarsáide le daoine eile</i> (lch. 48)	
Eolaiocht: <i>Tuiscant shimplí ar struchtúr chuid de phríomhorgáin seachtracha agus inmheánacha na colainne a fhorbairt</i> (lch. 83)	
SPHE: <i>Glacadh le híomhá na colainne atá agat agus cuid de na tosca a théann i bfheidhm ar an bhféiniomhá agus ar na nithe a chreideann tú fút féin a scrúdú</i> (lch. 54)	

An Ghníomhaíocht seo a Fhorbairt sa Rang:

Ag tosú: Sula dtosaím rang ealaíne sílim gur mór an chabhair í cleachtadh beag a dhéanamh leis na leanaí chun a gcuid samhlaíochta a scaoileadh saor agus chun timpeallacht shábháilte a chruthú sa seomra ranga dóibh ar mhaithé lena saothar a thaispeáint agus a phlé gan eagla ná náire. Is í samhlaíocht an duine a thóg as na pluaiseanna agus chun na gealaí sinn! Is féidir le rud ar bith tarlú inár samhlaíocht má ligimid dó! “Dún do shúile agus samhlaigh doras mó. Tig le dath ar bith is mian leat a bheith air. Scríofa i litreacha móra ar an doras tá an focal SAMHLAÍOCHT. Sín amach do lámh agus oscail an doras go mall, scaoil amach do shamhlaíocht! Oscail do shúile agus lig dom an loinnir a fheiceáil iontu! Is féidir linn ár rogha rud a dhéanamhanois, tá ár samhlaíocht ag obair agus is duine ar leith gach duine dínn!”

Ábhair Riachtanacha: Cré potaire
 Cláir adhmaid nó cárta láidir (chun obair air)
 Uirlísí cré nó cipíní líreacán
 Scátháin
 Sprae plandaí chun an chré a choinneáil tais
 Scagairí tae (brúigh píosa beag cré tríd chun téada an-tanaí cré a dhéanamh)
 Péinteanna póstaer nó acraillic (le maisiú nuair a bhíonn siad tirim)
 Buicéad plaisteach le clúdach teann, nó málaí plaisteacha chun an chré a stóráil

Spreagadh: Cloigne na leanaí! Iarr ar na leanaí a gcloigne agus a n-aghaidheanna a mhothú agus amharc go géar orthu féin sna scátháin. (Beidh sciotaíl agus pointeáil áirithe ar siúl ar dtús, agus nuair a bhíonn na leanaí gafa leis an ngníomhaíocht éireoidh siad as seo). “Féach ar do shúile, agus ar an áit a bhfuil siad ar d'aghaidh, féach ar do shrón agus do bhéal. An féidir leat do chluasa a fheiceáil go hiomlán? Braith cúl do chinn, céin chruth atá air? Braith do mhuineál, cé chomh leathan is atá sé i gcomparáid le do chloigeann? Cé chomh fada síos ar do bhaithis a thagann do chuid gruaige? An féidir leat do mhalaí a mhothú? An féidir leat cnámha do leicne a mhothú? Mothaigh do ghiall agus do smig. Cas agus féach ort féin i bpróifil.”

Gníomhaíocht: Déanann na leanaí samhail dá gcloigeann féin, ag tagairt don scáthán de réir mar is gá. Bainfidh siad taitneamh as triail a bhaint as modhanna chun gruaig

agus malaí a dhéanamh leis na scagairí tae agus leis na huirlísí cré. Tabhair am agus spreagadh dóibh chun na cloigne a dhéanamh agus triail a bhaint as cré a chur agus a bhaint chun cruth agus foirm a thabhairt dá saothar. D'fhéadfadh go leor iarrachtaí a bheith ag teastáil sula mbíonn na leanaí sásta lena gcloigne. Coinnigh an chré tais le sprae plandaí agus trí éadach tais a fhilleadh timpeall orthu idir seisiúin. Nuair a bhíonn siad tirim féadfaidh na leanaí iad a phéinteáil más mian leo.

Measúnú/Ag Amharc agus ag Freagairt:

Beidh sé seo ag tarlú agus na leanaí ag obair. Féadfaidh na leanaí a seal a thógáil chun cur síos a dhéanamh ar an saothar atá déanta acu, aon deacrachartaí a bhí acu agus conas ar sháraigh siad iad. Taispeán pictiúir nó sleamhnáin dóibh de shaothar le Auguste Rodin, Michelangelo agus Cormac Boydell. D'fhéadfadh siad taitneamh a bhaint freisin as íomhána de gheargála atá ar fud an domhain!

Gníomhaíochtaí Breise:

D'fhéadfadh na leanaí samhlacha a dhéanamh dá chéile agus de chloinge ainmhithe.

Féidearthachtaí TCF: D'fhéadfaí íomhána dá gcloigne a scanáil isteach sa ríomhaire agus d'fhéadfadh na leanaí scéilín nó dán a scríobh fúthu féin.

Ag baint úsáide as an DVD

Is Ealaíontóir mé: Tugann na cláir *Cré* ar an DVD deiseanna chun leanaí a fheiceáil agus a chloisteáil ag úsáid cré mar mheán chun iad féin a chur in iúl go samhlaioch.

Nóta:

Fuair mé amach gurbh fhearr sprae plandaí a úsáid chun an chré a choinneáil tais agus na leanaí ag obair. Coinnigh do shleamhán i soitheach aerdhíonach lena úsáid arís. Má tá péinteanna póstaeir á n-úsáid chun na cloigne a mhaisiú, is féidir iad a phéinteáil le PVA chun bailchríoch snasta a chruthú. Is féidir péinteanna acraílic a úsáid freisin. (Déan cinnte go mbíonn na scuabanna nite go maith sula dtriomaíonn péinteanna acraílic orthu).

Ealaíontóirí Ábhartha: Auguste Rodin
Michelangelo
Cormac Boydell

Suíomhanna Idirlin Ábhartha:

Suíomh Chormac Boydell mar a bhfuil íomhána dá shaothar ceirmeach meallacha ar fáil.

www.cormacboydell.com/sculpt.html

Antony Gormley, dealbhodóir
www.antonygormley.com

Geargála an Domhain
www.stonecarver.com/gargoyles/

Iarsmalann Rodin i bPáras
www.musee-rodin.fr

Cloigeann Dháiví le Michelangelo
www.ibiblio.org/wm/paint/auth/michelangelo/michelangelo.david.jpg

Tá naisc ar an suíomh seo chuig Gailearaithe agus Iarsmalanna ina bhfuil saothair le Michelangelo ar fáil.
www.artcyclopedia.com/artists/michelangelo_buonarroti.html